# Seans – Moltaí don teagasc

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí chun a dtuiscint ar an tSeansúlacht a fhorbairt trí bheith rannpháirteach go gníomhach le trialacha agus turgnaimh a bhfuil dísle, rothaí srl. mar chuid díobh
- Spreag páistí le cluichí a imirt a bhfuil an tSeansúlacht mar chuid díobh agus le machnamh a dhéanamh ar conas a imríonn sé seo tionchar ar na cluichí agus ar a gcuid torthaí
- Déan iniúchadh ar an míthuiscint choitianta a dtugtar Bréag an Chearrbhaigh uirthi – an creideamh nach bhfuil sé chomh dócha céanna go dtarlóidh imeacht randamach i ndiaidh imeachta ar úsáideadh dísle nó boinn lena linn

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Athraigh castacht gníomhaíochtaí ach líon na dtrialacha a ardú.Athraigh castacht gníomhaíochtaí ach líon na dtrialacha a ardú
- Spreag páistí le torthaí imeachta a léiriú nó triail a bhaint as rudaí ar roinnt bealaí éagsúla m.sh., go huimhriúil, go pictiúrtha le léaráidí crainn agus go nithiúil.go huimhriúil, go pictiúrtha le léaráidí crainn agus go nithiúil
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí maidir le cuir chuige chórasacha a úsáid maidir le sraith torthaí a chomhaireamh m.sh., ag baint úsáide as marcanna scóir.

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Tarraing aird ar an mbealach a mbíonn ról tábhachtach ag an tSeansúlacht inár saol laethúil.
- Spreag páistí le cinntí cuí a dhéanamh bunaithe ar a n-anailís ar dhóchúlacht toraidh.
- Bí tuisceanach maidir le míthuiscintí nó réamhthuairimí maidir le Seansúlacht, m.sh., uimhreacha sona, srl., a cheistiú.

## BÉIM A LEAGAN AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Cuir tascanna ar fáil a spreagann páistí le cuimhneamh ar fhéidearthachtaí uile imeachta seachas ar an dóchúlacht go dtarlóidh imeacht faoi leith amháin, m.sh., na meascáin fhéideartha uile a bhaineann le huachtar reoite dhá scúp ó rogha ceithre bhlas faoi leith a dhéanamh amach
- Roghnaigh tascanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann le heispéiris saoil na bpáistí, mar shampla, meascáin de bhlasanna uachtar reoite, meascáin de bhiachláir srl.
- Cinntigh go mbíonn deiseanna ag na páistí a gcuid trialacha féin a dhearadh agus a thástáil chun críocha dóchúlacht imeacht faoi leith a thástáil, m.sh., Cinntigh go mbíonn deiseanna ag na páistí a gcuid trialacha féin a dhearadh chun críocha dóchúlacht imeacht faoi leith a thástáil, m.sh., ciúb a bhfuil dath áirithe air a tharraingt amach as mála nó milseán a bhfuil dath áirithe air a tharraingt amach as paicéad

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí le plé a dhéanamh ar na torthaí féideartha ar fad bunaithe ar a dtaithí féin ar an saol.Cuir deiseanna ar fáil do pháistí le plé a dhéanamh ar na torthaí féideartha ar fad bunaithe ar a dtaithí féin ar an saol
- Cinntigh go bhfuil a ndóthain ama ag na páistí a gcuid smaointe maidir le Seansúlacht agus dóchúlacht torthaí a léiriú agus a chosaint. Cinntigh go bhfuil a ndóthain ama ag na páistí a gcuid smaointe maidir le Seansúlacht agus dóchúlacht torthaí a léiriú agus a chosaint
- Spreag úsáid an stór focal a bhaineann le Seansúlacht ar fud an churaclaim, m.sh., torthaí a thuar le linn léitheoireachta

Forbraíodh i gcomhar le **Ann Hogan**